☸An Lúibín☸

8 Bealtaine 2022

An dara glúin
There is new evidence of Irish being spoken by the children of Irish emigrants to Australia in the 19th century.

Ní dóichí scéal de ná go raibh Gaeilge ag timpeall dhá thrian de na hÉireannaigh a bhain an Astráil amach sa 19ú haois, daoine as Cúige Mumhan agus as Contae na Gaillimhe go háirithe. Ach ba dheacair riamh a dhéanamh amach ar fhág siad an teanga ag mórán den dara glúin. Ní dócha go dtabharfadh gach duine den ghlúin sin an teanga leo, ach ba dhóigh leat go mbeadh sí ag scata ar a laghad, díreach mar a bhí an scéal ag clann inimirceach eile.

Anois tá fianaise an-suimiúil faighte ag staraí ó Melbourne, an tOllamh Diane Hall, agus an-chuid taighde déanta cheana ar scéal na nÉireannach san Astráil. Aisteach le rá, fuair sí an fhianaise sin i ndaonáireamh 1911 in Éirinn féin agus í ag scrúdú daoine a rugadh san Astráil agus a d'fhill ar Éirinn. Dúirt 44 dhuine dá léithéid go raibh Gaeilge acu: ina measc bhí ochtar i gContae Bhaile Átha Cliath, ochtar eile i gContae Mhaigh Eo, agus seisear i gContae Chiarraí. Tuismitheoir amháin le Gaeilge, ar a laghad, a bhí ag an gcuid is mó de na cainteoirí seo, rud a thugann le fios gur caomhnaíodh an teanga san Astráil.

Is beag aird a thug staraithe Astrálacha riamh ar cheist na teanga agus iad ag cur síos ar na hÉireannaigh. Ach ní féidir linn iad siúd a thuiscint mar is cóir mura bhfuil ár ndóthain Gaeilge againn chun dul amach ar shaol úd na bhfilí, na mban feasa agus na bpúcaí. Tá ardú meanman san fhianaise nua seo: léiríonn sí leanúnachas na teanga san Astráil, leanúnachas atá idir bhriste agus bhuan.

♦❖♦❖♦❖♦

Daltaí Úcránacha in Éirinn
Some Ukrainian refugee children in Ireland have wound up in Irish-speaking schools. This has created problems.

Is iomaí tír a bhain teifigh ón Úcráin amach. Tá Éire ar na tíortha sin agus tá beagnach 4,000 páiste ón Úcráin cláraithe i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna. Tá cuid acu (de réir píosa ar *Tuairisc.ie*) le fáil i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta,[1] rud a chuirfeadh iontas orthu siúd a ghlacann leis gurb é an Béarla an teanga is riachtanaí (cé gur ábhar scoile é, ar ndóigh, i scoileanna a mhúineann trí Ghaeilge).

Admhaítear go bhfuil deacrachtaí ann agus gan Béarla féin ag formhór na ndaltaí nua. Níl tacaíocht á tabhairt ag an Roinn do na scoileanna seachas uaireanta breise múinteoireachta agus ábhar a sholáthar in Úcráinis agus i Rúisis chun soiléiriú a dhéanamh ar stádas na Gaeilge in Éirinn agus ar an bpáirt atá aici sna scoileanna. Deirtear gur cóir aithris a dhéanamh ar na Breatnaigh agus córas ionaid teanga ann i gceantair Bhreatnaise chun cabhrú le daltaí a thagann isteach i scoileanna lán-Breatnaise gan focal den teanga ina pluc acu. Ach tá fadhb ann a cíoradh cheana – ganntanas múinteoirí le Gaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge.

É sin ráite, tá a lán daltaí cheana ó chúlra iasachta – Polannaigh agus eile - i scoileanna lán-Ghaeilge. Biodh fáilte, mar sin, roimh na hÚcránaigh.

♦❖♦❖♦❖♦

Léitheoirí Gaeilge
More books than ever in Irish, but not so easy to find readers.

[1] https://tuairisc.ie/nios-mo-dushlan-roimh-scoileanna-gaeilge-ata-ag-freastal-ar-phaisti-on-ucrain-ach-gan-aon-chabhair-bhreise-ar-fail-doibh/

Scríbhneoir, criticeoir agus conspóidí is ea Alan Titley, suim aige i gcúrsaí litríochta na Gaeilge agus clú ar a shaothar féin (i measc léitheoirí Gaeilge, ar aon nós). Is iomaí rud blasta géar ráite aige le blianta fada i dtaobh stádas na Gaeilge in Éirinn agus litríocht san áireamh, agus seo arís ar an téad sin é in alt ar *Tuairisc.ie*.[2] Tá ceithre príomhphointe i gceist aige.

Tacaíocht leanúnach neamhghuagach do na foilsitheoirí. Maíonn sé go bhfuil 'feabhas ollmhór' tagtha ar fhoilsiú leabhar Gaeilge ar gach slí. Ach is deacair an t-ardchaighdeán a choinneáil mura bhfuil plean ann a thabharfadh caoi phleanála do na foilsitheoirí.

Scéimeanna oiliúna éagsúla do scríbhneoirí. Is maith an rud é go dtagann scríbhneoirí ar an bhfód ar aon chuma. Ach tá cineálacha éagsúla litríochta ann agus cineálacha difriúla léitheoirí, agus ní foláir freastal orthu go léir ar eagla go mbeadh soláthar léitheoireachta 'ar fiarsceabha'.

Oideachas agus cúlú na léitheoireachta. Díol íoróine é agus foilsiú na Gaeilge réasúnta sláintiúil anois gur tháinig lagú ar léitheoireacht leabhar sa chóras oideachais ar gach leibhéal, fiú ar an tríú leibhéal.

Poiblíocht, poiblíocht arís agus poiblíocht arís eile fós. Deir Titley go gceannaítear, go ndíoltar agus go léitear leabhair toisc go bhfuil a fhios ag daoine gurb ann dóibh. Caithfidh siad a bheith go maith, ar ndóigh, ach is í 'an phoiblíocht, an phoiblíocht, an phoiblíocht' a thugann 'an chéad speach' dóibh.

Dúirt duine amháin agus an t-alt léite aige go mbíonn na húdair chéanna á bhfoilsiú go ró-mhinic ag *Comhar* agus ag *Feasta*, mar shampla. Déanann formhór eagarthóirí na n-irisí Béarla iarracht éagsúlacht a chothú agus b'fhiú do na hirisí Gaeilge a leithéid a dhéanamh. Ní gearán gan chúis é, cé gur dócha go ndéarfadh na heagarthóirí Gaeilge go bhfuil an éagsúlacht á lorg acu i gcónaí.

Deir Foras na Gaeilge gur beag eolas atá ag pobal na Gaeilge ar na leabhair atá ar fáil. Is annamh Gaeilgeoirí ag léamh na leabhar sin mar chaitheamh aimsire, agus is deacair teacht orthu i siopaí leabhar ar aon nós. Ní mholtar leabhair Ghaeilge, agus cuirtear béim ar an gcaint sna scoileanna seachas ar an léitheoireacht. Ina theannta sin, is dóigh le daoine nach furasta Gaeilge liteartha a thuiscint. (An ceart acu uaireanta, ach cúitítear do shaothar leat.)

♦❖♦❖❖♦❖♦

Duais
A poet and a composer have won a major prize for a work in Irish in New York.

Féach Louis de Paor, file (agus cúpla ceird eile aige chomh maith). A lán cnuasach foilsithe aige. Iomrá leis. Gradam idirnáisiúnta raidió bainte aige féin agus ag an gcumadóir Dana Lyn anois as clár dátheangach a rinneadh do RTÉ, clár a bhí bunaithe ar fhilíocht an Phaoraigh.

Lá dá raibh/One Day an clár, agus fuair sé gradam óir sa rannóg 'Cultúr agus na hEalaíona' ag na New York Festivals Radio Awards 2022. Cláir as gach cearn le cloisteáil ann. Cuireann saothar de Paor agus Lyn inár láthair baile beag
in iarthar na hÉireann.

Tá an fhilíocht agus an ceol araon an-oiriúnach don raidió. Músclaíonn siad an aigne agus an croí. Tá teorainn le cumhacht an ruda atá le feiceáil; níl teorainn leis an tsamhlaíocht agus í gríosaithe ag an bhfuaim. Go maire an file é, agus an cumadóir.

♦❖♦❖❖♦❖♦

Agus leanann sé
No compromise in Ukraine as yet; heavy losses on both sides; a very large number of Russians now aware of what is really happening; and women and and children who have fled abroad in danger of sexual exploitation.

Dúil i síocháin ach gan ceachtar den dá thaobh sásta géilleadh. Ní hionann an tairbhe a bhainfidís as. Gheobhadh an Úcráin deireadh le scrios agus marú; gheobhadh an Rúis na críocha atá uaithi – an Chrimé agus Donbas – agus deimhniú gur thír neodrach an Úcráin feasta.

[2] https://tuairisc.ie/poll-mor-i-saol-na-tire-an-fhailli-gan-naire-a-dheantar-ar-leabhair-ghaeilge/

Meastar gur maraíodh 15,000 saighdiúir Rúiseacha ar a laghad; ní dócha gur lú ná sin caillteanas na hÚcráine. Tá mórán scríofa faoin méid trealaimh mhíleata a chaill na Rúisigh, ach is beag trácht ar ar chaill na hÚcránaigh – méid mór, gan amhras. Sin, ar a laghad, tairbhe eile a bhainfeadh an Rúis féin as comhréiteach: deireadh leis an drochbhualadh a fuair a fórsaí go dtí seo. Idir an dá linn, tá airtléire agus diúracáin á mbailiú isteach ag an Úcráin, rudaí a mhaolóidh an bombardú Rúiseach.

Áitíonn leithéidí Olga Chyzh (taighdeoir ó Cheanada) go ndearna idir lucht faisnéise agus lucht míleata na Rúise botúin ó thús agus gur chuir siad dallamullóg ar an Uachtarán Putin, rud a chiallaíonn gur fearr leo leanúint den chogadh chun an bhris a thabhairt isteach. Agus ní éireoidh Putin as mura mbeidh rud dá bharr aige. Tá stráice mór den Úcráin i seilbh na Rúiseach anois; beidh sé an-deacair iad a dhíbirt, cé go mb'fhearr leis an Uachtarán Zelensky na seanteorainneacha a thabhairt ar ais (cé is moite, b'fhéidir, den Chrimé).

D'éalaigh mórán daoine oilte ón Rúis i dtús an chogaidh agus gan fonn orthu cónaí i dtír Putin. Tá cuid acu ag teacht abhaile. Ní raibh fáil acu ar airgead ná ar acmhainní ar an gcoigríoch agus smachtbhannaí i bhfeidhm. Is fearr leo diabhal an teallaigh ná diabhal na comharsan. Mar sin féin, tá a lán ag éalú fós – iriseoirí, gníomhaithe, ealaíontóirí. Agus is féidir a rá go bhfuil mórán eile sa tír, iad i gcoinne an chogaidh ach iad ina dtost. (Rinne an blagaire YouTube Niki Proshin clár do RTÉ, ag cur ceisteanna faoin gcogadh ar dhaoine i gCathair Pheadair: thaobhaigh scata beag le Putin, ach dhiúltaigh slua eile a bhfíordhearcadh a nochtadh – ba bhaol dóibh é).

Tá na céadta míle Rúiseach ag íoslódáil líonra príobháideach fíorúil (LPF/VPN) gach lá chun teacht ar fhíorscéala an chogaidh. Ceileann na líonraí seo ainm agus áit chónaithe an té a mbaineann feidhm astu. Faoi láthair tá beagnach 300,000 duine ag íoslódáil na deich LPF is mó a bhfuil tóir orthu gach lá, cé go bhfuil sé ag éirí níos deacra íoc astu agus gan fónamh i gcártaí creidmheasa lasmuigh den Rúis anois. D'éirigh leis na húdaráis roinnt de na líonraí a chosc, rud nach furasta.

Tá os cionn deich milliún duine, is dócha, tar éis an chuid eile den Úcráin a thréigean. Tá a leath le fáil anois i dtíortha eile. Mná, páistí agus daoine bunaosta an chuid is mó acu; fanann fir a bhfuil aois troda nó ceird riachtanach acu san Úcráin. Tá páistí ann atá ag taisteal leo féin; tá máithreacha ann agus leanaí acu. Tá dúil ina leithéidí ag coirpigh - gáinneálaithe ar dhaoine agus iad ag obair leo féin nó d'eagraíochtaí mídhleathacha.

Sa Pholainn – tír a d'fháiltigh roimh chuid mhór de na teifigh – rinneadh foscadáin do theifigh de shean-ionaid siopadóireachta. Tháinig na teifigh chomh tobann sin agus an oiread sin acu ann nach ndearnadh ullmhú ceart rompu. Tháinig an scéal go léir aniar aduaidh ar na húdaráis. Gníomhaithe, oibrithe deonacha agus eagraíochtaí neamhrialtais is mó a sholáthraíonn dídean, iompar agus bia. Is mór an bac orthu gan an rialtas a bheith ag obair i gcomhar leo. Thairg a lán daoine dídean do na teifigh ach dídean ghearrthréimhseach í agus is deacair teacht ar dhíon ar bheagán costais, scéal a fhéadann drochíde a tharraingt: pas a ghoid, sclábhaíocht, bascadh, éigniú féin.

Ní nach ionadh, meallann na hionaid seo gáinneálaithe agus daoine a ciontaíodh i gcollaíocht le páistí. Tá Alison Byrd ina Comhordnóir Saintionscadal ar Unbound Global, eagraíocht frithgháinneála collaíochta, agus bíonn sí san airdeall ar a leithéidí seo: daoine a thairgeann marcaíocht do mhná amháin, a éiríonn míshuaimhneach agus iad á gceistiú nó nuair a ghlactar grianghraf dá bpláta cláraithe, daoine a iarrann airgead síos agus síob i gceist, agus nach bhfuil sásta cárta aitheantais a thaispeáint d'oibrithe ó eagraíochtaí neamhrialtais.

Tá taobh eile ar an scéal. Tá póilíní ag éirí níos oilte ar conas gáinneálaithe a ghabháil; tugann oibrithe deonacha níos mó airde ar dhrochiompar; is féidir lorg tiománaithe a leanúint le cód QR; tugann comhlachtaí teileachumarsáide cártaí SIM réamhíoctha uathu ag trasbhealaí teorann, rud a chuidíonn le teaghlaigh coinneáil i dteagmháil le chéile, ó ní oibríonn a seanghutháin thar teorainn istigh.

Tugann níos mó teifeach a n-aghaidh ar an nGearmáin (beagnach 400,000) ná ar thíortha eile in iarthar na hEorpa – an fhrainc (51,000), an Iodáil (timpeall 51,000), an Iodáil (timpeall 100,000) agus an Spáinn (timpeall 135,000). D'eisigh an Bhreatain os cionn 80,000 víosa. Sa Ghearmáin is féidir le máthair cead cónaithe a fháil ar an bpointe boise, cárta SIM a fháil saor in aisce, cuntas bainc a oscailt agus áit a fháil gan mhoill dá páiste i naíonra. I gceann seachtaine is féidir léi árachas sláinte a fháil agus íocaíocht a fháil ón rialtas. Ní hí seo an fháilte a bhí roimh Shiriaigh agus Afganastánaigh roinnt blianta ó shin.

Cuimhnímis ar 2014 – ocht mbliana ó shin – nuair a d'fhógair dream ar son na Rúise in oirthear na hÚcráine go raibh siad chun iad féin a rialú. Chuir an Úcráin trúpaí isteach ach tháinig slua sibhialtach ina gcoinne ag déanamh agóide, agus bhí ar na trúpaí cúlú agus cuid mhaith trealaimh mhíleata fágtha ina ndiaidh acu. Ansin dhaingnigh na scarúnaithe iad féin, theith roinnt daoine siar, agus thosaigh cogadh. Is beag éifeacht a bhí le fórsaí na hÚcráine ar dtús; féach anois iad.

Féach

*Máirtín Ó Duibhir: https://tuairisc.ie/anailis-mhileata-an-choimhlint-sa-cheantar-donbas-idir-dha-cheann-na-mea/

*https://www.aljazeera.com/news/2022/5/7/vpn-use-skyrockets-in-russia-during-ukraine-invasion

*Sraith alt le Amber Schultz:
https://www.crikey.com.au/2022/04/26/ukraines-other-war-criminals-and-traffickers-prey-upon-refugees/
https://www.crikey.com.au/2022/04/26/ukraines-other-war-criminals-disguised-as-do-gooders/
https://www.crikey.com.au/2022/04/26/ukraines-other-war-no-shady-characters-being-prosecuted/
https://www.crikey.com.au/2022/04/26/ukraines-other-war-small-steps-to-stop-trafficking/

*UNISEF: https://www.unicef.org/press-releases/children-fleeing-war-ukraine-heightened-risk-trafficking-and-exploitation

*Human Rights Watch: https://www.hrw.org/news/2022/04/29/poland-trafficking-exploitation-risks-refugees

*Donbas 2014 :
https://www.youtube.com/watch?v=VNig07RtWxA
https://www.youtube.com/watch?v=d6rPlH0K7o4

♦❖♦❖❖♦❖♦

Thar tairseach
The latest reports from climate scientists are far from reassuring. Temperature targets overshot, the oceans in dire straits, deforestation still to be curbed.

Is annamh a d'fheicfeá eolaithe ag déanamh léirsiú. Ach tharla sin tamall o shin nuair a d'éirigh timpeall míle eolaí aeráide amach ar an tsráid in os cionn 25 thír. Bhí cúis leis: bhí an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide tar éis an tríú cuid dá thuarascáil a fhoilsiú. Dúirt sí gur dhócha go mbeadh an oiread sin dé-ocsaíd charbóin san atmaisféar i gceann cúig nó sé bliana go n-éireodh an teocht dhomhanda os cionn 1.5 céim Celsius thar mar a bhí sa ré réamhthionsclaíoch. Ní maith an scéal é. An fharraige ag éirí go tréan, an-dochar déanta don dúlra, críocha fágtha gan daoine de dheasca triomaigh, tuilte, teasa agus bogthaise meirbhe.

Tá gealltanais déanta ag a lán tíortha faoi laghdú astaíochtaí. Fiú agus sin curtha san áireamh, níl ach seans 10% ar a mhéid nach sárófaí an tairseach. Leanfadh 'unprecedented heatwaves, terrifying storms, and widespread water shortages'. B'éigean CO_2 a bhaint as an atmaisféar le teicneolaíocht atá an-nua agus an-daor. Ní dócha gur féidir ardú thar 1.5 céim a sheachaint anois, cé gur féidir teacht anuas chun an phointe sin.

Céard atá le déanamh, mar sin? Drochthoradh an téimh a mhaolú chomh mór agus is féidir, uisce a bhailiú ar shlite nua, tithe a thógáil ar shlí nua, barraí nua a chur. Agus gan dallamullóg a chur orainn féin faoin donas atá romhainn. A bheith réadúil.

♦❖❖♦

Timpeall 250 milliún bliain ó shin fuair suas le 90% d'orgánaigh mhara bás in uisce a bhí ró-the, aicídeach agus gann in ocsaigin. Tá astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin dhá uair chomh hard anois is a bhí ansin, agus síltear go bhfuil mórán éisc agus eile i mbaol a ndíothaithe. Is é ait a bhfuil an deacracht nach bhfuil a fhios againn cá mhéad speiceas atá ann agus gan taighde déanta fós ar 80% de na haigéin. Chun an deacracht seo a shárú chruthaigh eolaithe deich ngrúpa ionsamhlaithe de speicis mhara agus iad bunaithe ar bhunachar sonraí faoi iarmhairtí théamh an uisce agus laghdú oscaigine. Cuimhnímis gur shúigh na haigéin isteach breis is 90% den teas atá ceaptha ar dhromchla an domhain.

♦❖❖♦

Glactar leis gur gá srian a chur le dífhoraoisiú. Cúig bliana déag ó shin cuireadh clár de chuid na Náisiún Aontaithe ar bun – clár REDD+ - chun tíortha atá i mbéal forbartha (mar a bhfuil an chuid is mó de choillte trópaiceacha) a chúiteamh as na crainn a chaomhnú. Ach níl deireadh leis na fadhbanna. Thar aon rud eile, is deacair dul i gcoimhlint leis na hollchorporáidí talmhaíochta is ciontaí le cuid mhaith den scrios. Tá i bhfad níos mó airgid á chaitheamh comhlachtaí móra feola agus seacláide ná mar atá ag lucht comhshaoil. Coinníonn na crainn carbón i dtaisce ina gcuid fréamhacha agus san ithir máguaird, agus súnn siad os cionn 20% de na hastaíochtaí a dhéanann daoine.

Féach

- https://insideclimatenews.org/todaysclimate/in-scientist-rebellion-researchers-face-arrest-for-climate-action/?utm_source=InsideClimate+News&utm_campaign=c5717f835a-&utm_medium=email&utm_term=0_29c928ffb5-c5717f835a-328553180
- https://insideclimatenews.org/news/04052022/forest-funding-climate-change-redd/?utm_source=InsideClimate+News&utm_campaign=15f7f72f8f-&utm_medium=email&utm_term=0_29c928ffb5-15f7f72f8f-328553180

- https://insideclimatenews.org/news/28042022/ocean-extinction-climate-change/

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun *rianach@optusnet.com.au.*

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dánta le Colin Ryan

Glas

Glas an duilliúir
i nglinne an uisce

i ngloine chaol
cois gloine ghlas
fuinneoige

Sa tsráid seo

Gach a raibh ann
is a mbeidh
atá sa tsráid seo

na tithe ag titim
as a chéile
is ag aiséirí

an cine caillte
ceilte
san aer

Crann

Crann
faoi sholas séimh
i bhfuinneog

ag feitheamh le rud
nach bhféadann focail
a chur in iúl
rud nach bhféadfar
a dhearmad